**Cuntas Leithreasa 2012**

# Vóta 5

# Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 5, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2012 ar Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2012, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

**Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta**

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

**Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais**

***Freagracht don Chóras Rialaithe Airgeadais Inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Oifig.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Cheann Oifige. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile cé acu a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú a leanann ar aghaidh.

***Timpeallacht Rialaithe Airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil mar chuid di na heilimintí seo a leanas:

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistithe***

- Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas
- córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil a choinnítear faoi athbhreithniú ag lucht bainistithe sinsearach
- athbhreithnithe rialta ag lucht bainistithe sinsearach a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha
- córas bainistithe riosca ag feidhmiú laistigh den Oifig
- córais atá dírithe ar chinntiú shlándáil na gcóras TEC
- treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta
- comhlíonann an Roinn gach treoirlíne ábhartha a bhaineann le soláthar agus í ag cloí le gach ciorclán a bhaineann le húsáid éigeantach na gcreatchomhaontuithe agus na gcreatchonarthaí.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís de na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Oifige i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Barry Donoghue**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

28 Márta 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar:

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Cuimsíonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sin atá san áireamh sa chuntas agus measúnú maidir le ar comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *nGnáthamh Airgeadais Phoiblí*.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2012.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Ofig. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

17 Meán Fómhair 2013

# Vóta 5 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

## Cuntas Leithreasa 2012

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Soláthar seirbhís ionchúisimh | 40,528 | 39,890 | 37,820 |
| | **Olliomlán** | **40,528** | **39,890** | **37,820** |
| | *Bain de* | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **975** | **1,043** | **1,043** |
| | **Glaniomlán** | **39,553** | **38,847** | **36,777** |

**Farasbarr don ghéilliúint**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh le hais na glansuime faoi dhliteanas don ghéilliúint don Státchiste.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Farasbarr le tabhairt suas | 706,295 | 6,485,688 |

**Anailís an chaiteachais riaracháin**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Suim Soláthraithe sa Mheastachán** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 13,750 | 13,321 | 13,230 |
| ii | Taisteal agus cothú | 109 | 97 | 101 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 1,016 | 965 | 850 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 270 | 287 | 241 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí IT seachtracha | 841 | 607 | 438 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 802 | 747 | 509 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 37 | 34 | 25 |
| | | 16,825 | 16,058 | 15,394 |

# Nótaí don Chuntas Leithghabhála

## 1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2012

| | | 2012 | 2011 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Caiteachas cláir | | 23,832 | 22,426 |
| Pá | | 13,321 | 13,230 |
| Caiteachas eile | | 2,737 | 2,164 |
| **Toradh glan** | | **39,890** | **37,820** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithghabhálacha-i-gcabhair** | | **1,043** | **1,043** |
| **An glan - iomlán** | | **38,847** | **36,777** |
| **Athruithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin in airgead tirim | (117) | | |
| Dímheas | 515 | | |
| Calliúint ar diúscairti | 41 | | |
| | | 439 | 466 |
| **Athruithe i nglansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú i bhfabhruithe deiridh | (458) | | |
| Laghdú i stoc | 7 | | |
| | | (451) | (2,628) |
| **Caiteachas díreach** | | **38,835** | **34,615** |
| **Caiteachas tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Note 1.1) | | 3,197 | 3,451 |
| Cíosanna barúlacha | | 238 | 240 |
| **Costas glan clár** | | **42,270** | **38,306** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Tá an caiteachas glan ar Sheirbhísí Gaolta déanta suas de na méid eanna measta seo a leanas á iompar ag Vótaí eile maidir leis Vóta 5.

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Vóta 7 Oifig an Aire Airgeadais | 60 | 98 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 1,121 | 1,400 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poibli | 1,829 | 1,765 |
| Vóta 20 Garda Síochána | 187 | 188 |
| | 3,197 | 3,451 |

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2012

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitúla** | 2.3 | 681 | 1,120 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 338 | 785 |
| Stoc | 2.5 | 70 | 77 |
| Réamhíocaíochtaí | | 149 | 122 |
| Iarmhéideanna dochair eile | | 443 | 160 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.7 | 69 | 37 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **1,069** | **1,181** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais Fhabhraithe | | 2,590 | 3,021 |
| Iarmhéideanna Creidmheasa Eile | 2.6 | 850 | 982 |
| **Glandliteanais Reatha** | | **3,440** | **4,003** |
| **Glandliteanais Reatha** | | **(2,371)** | **(2,822)** |
| **Glanditeanais** | | **(1,690)** | **(1,702)** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas Maoiniú Stáit** | 2.1 | **(1,690)** | **(1,702)** |

### 2.1 Cuntas Maoiniú Stáit

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | (1,702) | (3,864) |
| Maoiniú tarraingthe síos | 2.2 | 42,044 | 40,228 |
| Caiteachas neamh-airgid - measchíosanna | 1 | 238 | 240 |
| Costas glan clár | 1 | (42,270) | (38,306) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | **(1,690)** | **(1,702)** |

### 2.2 Maoiniú tarraingthe síos

| | Nóta | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|---|
| Eisíocaíochtaí as an vóta | | | |
| Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Cuntas | 39,553 | 43,263 |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (706) | (6,486) |
| | | 38,847 | 36,777 |
| Caiteachas (airgead tirim) tabhaíodh in áit eile | 1 | 3,197 | 3,451 |
| **Maoiniú iomlán tarraingthe anuas** | | **42,044** | **40,228** |

### 2.3 Sócmhainní Caipitil

| | Trealamh Oifige Innealra Eile | Troscán agus Feistis | Iomláin |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollshócmhainní** | | | |
| Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2012 | 3,669 | 1,196 | 4,865 |
| Breiseanna | 102 | 15 | 117 |
| Diúscairtí | (116) | (322) | (438) |
| Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2012 | 3,655 | 889 | 4,544 |
| **Dímheas Carntha:** | | | |
| Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2012 | 3,038 | 707 | 3,745 |
| Dímheas don Bhliain | 424 | 91 | 515 |
| Dímheas ar Dhiúscairtí | (112) | (285) | (397) |
| Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2012 | 3,350 | 513 | 3,863 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2012** | 305 | 376 | 681 |
| **Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2011** | 631 | 489 | 1,120 |

### 2.4 Bainc agus airgead tirim

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid an phámháistir ghinearálta agus airgead tirim | 338 | 785 |

### 2.5 Stoic

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Stoic inchaite an Oifig Luachála | 43 | 49 |
| Stoic inchaite an Bhinse Luachála | 27 | 28 |
| | 70 | 77 |

### 2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile

| ag 31 Nollaig | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| **Suim atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 455 | 453 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 120 | 120 |
| Cáin Shiarchoinneálach | 236 | 301 |
| Cáin Bhreisluacha | 38 | 23 |
| | 849 | 897 |
| Aisbhaintí ó Thuarastail atá i gcuntais fionraí | — | 85 |
| Míreanna Creidmheasa Fionraí Eile | 1 | — |
| | 850 | 982 |

## 2.7 Glandliteanas ón Státchiste

| ag 31 Nollaig | 2012 €000 | 2011 €000 |
|---|---|---|
| Farrasbar le tabhairt suas | 706 | 6,486 |
| Deontas an Státchiste nár Tarraingíodh | (775) | (6,523) |
| Glandliteanas ón Státchiste | (69) | (37) |
| **Léirithe ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 338 | 785 |
| Iarmhéideanna Dochair: Fionraí | 443 | 160 |
| | 781 | 945 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (849) | (897) |
| Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí | (1) | (85) |
| | (850) | (982) |
| | (69) | (37) |

## 2.8 Ceangaltais

Bhí tiomantais ag an Oifig i dtaca le táillí dlíthiúla ag deireadh na bliana, ach tá sé deacair luach na dtiomantas seo a mheas go cruinn, mar gheall ar neamhchinnteachtaí dúchasacha agus stádas na gcásanna amuigh. Ní raibh aon tiomantas eile a bheadh in-fheidhmithe go dlíthiúil ag an Oifig ag 31 Nollaig 2012 (2011: 0).

## 3 Caiteachas Cláir réir fo-mhírcheann

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | Suim Soláthraithe sa Mheastachán | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Soláthar seirbhís ionchúisimh** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 13,750 | 13,321 | 13,230 |
| A.2 | Riarachán - caiteachas eile | 3,075 | 2,737 | 2,164 |
| A.3 | Táillí d'abhcóidí | 13,000 | 12,277 | 13,501 |
| A.4 | Costais dlí ghinearálta | 4,348 | 5,118 | 2,622 |
| A.5 | Seirbhís aturnaetha stáit áitiúla | 6,355 | 6,437 | 6,303 |
| | | 40,528 | 39,890 | 37,820 |

**Athruithe suntasacha**

San iomlán, bhí caiteachas an chláir €638,000 níos lú ná mar a ndearnadh soláthar dó. Ba é seo an glantoradh d'athraitheas ar roinnt fotheideal, mar seo a leanas.

| Cur síos | Níos lú /(níos mó) ná soláthartha €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - caiteachas eile | 338 | Thárla na coigiltis mar bhí costais áitreabh nua níos lú ná mar a measadh. |
| Táillí d'abhcóidí | 723 | Thárla na coigiltis mar thoradh ar laghduithe ar na rátaí táillí a íoctar le habhcóidí. |
| Costais dlí ghinearálta | (770) | Is é an caiteachas níos mó ná mar gheall ar líon beag cásanna daor nuair a bhí an Oifig chun íoc as dámhachtainí costas. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2012 | | 2011 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Meastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Fáltais ilghnéitheacha | 80 | 156 | 170 |
| 2. | Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair seirbhíse poiblí | 895 | 887 | 873 |
| | **Iomlán** | 975 | 1,043 | 1,043 |

**Míniú ar Dhifríochtaí**

Tá míniú tugtha thíos maidir le gach fo-cheannteideal ina raibh an toradh éagsúil ón suim mheasta de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%. Níor chomhlíon aon toradh ar an vóta seo na critéir seo i 2012, áfach.

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha don Státchiste**

Rinneadh fáltais ar luach iomlán de €233,758, a d'eascair ó fhorghéillte a ordaíodh ag na cúirteanna, rinneadh iad a lóisteáil don Státchiste.

# 5 Líon Foirne agus Pá

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana** | 191 | 196 |

| | 2012<br>€000 | 2011<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 12,172 | 12,144 |
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 193 | 202 |
| Ragobair | 38 | 1 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 918 | 883 |
| **Pá iomlán** | **13,321** | **13,230** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó mó | Uasíocaíocht aonair<br>2012<br>€ | Uasíocaíocht aonair<br>2011<br>€ |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 62 | 6 | 51,846 | 51,664 |
| Ragobair agus tinreamh sa bhreis | 31 | — | 3,571 | 269 |

Fuair daoine aonracha áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luach Saothair Eile**

Áirítear sa chuntas seo caiteachas de €265,484 i leith beirt oifigeach a bhí ag freastal taobh amuigh den oifig do 2011 ar fad nó cuid de agus ar íocadh a gcuid tuarastal as Fo-cheannteideal A.1.